



Acadamh Ríoga na hÉireann Royal Irish Academy

Fochoiste na bhFoilseachán
Coiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach

Scéim Foilsitheoireachta: Treoirínite

(An leagan seo i bhfeidhm ó: 1 Eanáir, 2019)

1. Eolas faoin bhFochoiste

1.1 Fochoiste de chuid Choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach is ea Fochoiste na bhFoilseachán. Tugann na baill a gcuid ama i seirbhís an Choiste agus an Fhochoiste ar bhonn deonach.

1.2 Bíonn cúig chruinniú ag Fochoiste na bhFoilseachán in aghaidh na bliana, de ghnáth: Feabhra, Aibreán, Meitheamh, Meán Fómhair agus Nollaig.

1.3 Ba cheart comhfhreagras, iarratais agus fiosrúcháin ghinearálta a sheoladh chuig Rúnaí an Fhochoiste.

1.4 Is é an tÚdarás um Ard-Oideachas a chuireann maoiniú ar fáil don Fhochoiste.

2. An Próiseas Iarratais: Céim 1 – Conas iarratas a dhéanamh

2.1 Ba chóir go dtiocfadh aon iarratas ar mhaoiniú ón bhfoilsitheoir atá chun an saothar atá i gceist a fhoilsiú. Ní mór d'údair ar mhaith leo saothar dá gcuid a chur faoi bhráid an Fhochoiste teagmháil a dhéanamh le foilsitheoir aitheanta i dtús báire. **Ní nós le Fochoiste na bhFoilseachán plé go díreach le húdair.**

2.2 Maidir le tograí ar líne nó tograí a bhfuil an ghné dhigiteach nó ilmheán ag baint leo, pléfidh an Fochoiste le hiarratais den chineál sin cás ar chás, de réir mar a chuirtear faoina bhráid iad.

2.3 Má táthar ar lorg tacaíocht airgid le haghaidh saothar a chur i gcló, ní mór gur saothar bunúil taighde i nGaeilge nó athchló ar shaothar cruthaitheach canónda i nGaeilge é a d'fhéadfadh a bheith ina théacsleabhar ar shiollabas nó ar chlár ollscoile sula dtogróidh an Fochoiste plé leis an iarratas (e.g. monagraf, cnuasach aistí ar théama ar leith nó ar shaothar duine ar leith, féilscríbhinn, téacs acadúil, saothar cruthaitheach canónda, etc.).

2.4 Ní mór don fhoilsitheoir na nithe seo a leanas a sholáthar ar fhoirm iarratais ar leith (atá ar fáil [anseo](#)) sula mbeidh an Fochoiste in ann plé leis an iarratas ar shlí ar bith:

2.4.1 Ainm an údair/na n-údar nó an eagarthóra/na n-eagarthóirí agus teideal molta an tsaothair atá le cur i gcló.

2.4.2 Achoimre ón údar/ó na húdair nó ón eagarthóir/ó na heagarthóirí féin (gan dul thar 500 focal) a chur ar fáil ina leagtar amach *raison d'être* an tsaothair a bhfuil maoiniú á lorg lena aghaidh agus a léiríonn an chaoi a bhfreastalóidh sé ar bharna nó ar éileamh i margadh na bhfoilseachán acadúil Gaeilge.

2.4.3 I gcás saothair nach athchló é, tuairisc an duine ó bheirt phiarmheasúnóirí **neamhspleácha** a bheas in ann teistiméireacht a thabhairt faoi chaighdeán agus faoi luach an tsaothair atá i gceist. Tá an fhoirm phiarmheastóireachta ar fáil [anseo](#).

2.4.4 Más saothar é atá bunaithe ar thráchtas taighde, ní ghlacfar le tuairisc phiarmheasúnaithe ó dhuine ar bith a raibh baint aige/aici leis an tráchtas (i.e. stiúrthóir(i) nó scrúdaitheoir(i) an tráchtais). Ba chóir, sa chás sin, go mbeadh an tuairisc bunaithe ar an **leabhar** atá ullmhaithe don chló, seachas ar an tráchtas.

2.5 Chun go mbeidh baill an Fhochoiste in ann cinneadh a dhéanamh faoi mhéid an deontais is cóir a dheonú do shaothar ar bith, ní mór don fhoilsitheoir an t-eolas seo a leanas i dtaca le costais iomlána fhoilsiú an tsaothair a chur ar fáil (i gcruth meastacháin, de ghnáth):

2.5.1 an clúdach bog nó clúdach crua a chuirfear air agus toisí an tsaothair;

2.5.2 praghas measta an tsaothair in aghaidh na cóipe;

2.5.3 an líon cóipeanna den saothar atá le cur i gcló;

2.5.4 aon chostas breise ar leith a bhaineann leis an saothar (e.g. costas léaráidí nó costais a bhaineann le ceadanna cóipchirt a ghlanadh, etc.).

N.B.: Braithfidh méid an deontais a bhronnfar ar shaothar ar bith ar an maoiniú a bheas ar fáil ag Fochoiste na bhFoilseachán ag aon am ar leith.

2.6 Caithfear eagarthóireacht acadúil a dhéanamh ar an saothar trí chéile. Ní chlúdóidh deontas ar bith a bhronnfar ar shaothar táille i leith an phróisis eagarthóireachta féin, áfach.

2.7 Éilítear mar chuid de choinníollacha an mhaoinithe go gcuirfear ceangal fuaite ar aon saothar atá le foilsiú le tacaíocht airgid an Fhochoiste. Faoin bhfoilsitheoir féin atá an cinneadh clúdach bog nó clúdach crua a chur ar shaothar.

2.8 Meabhraítear d'fhoilsitheoirí go bhfuil a gcuid dualgas le comhlíonadh acu faoi réir théarmaí an Achta Cóipchirt maidir le cóipeanna de shaothar ar bith a fhoilseoidh siad a

chur ar fáil do na Leabharlanna Taisce cuí. [<https://www.tcd.ie/library/collection-man/legal-deposit.php>]

2.9 Nuair a bheas iarratas iomlán faoi bhráid an Fhochoiste, déanfar é a mheas agus déanfar an cinneadh deontas a bhronnadh nó a mhalairt. Sa chás go mbronnfar deontas ar shaothar, cuirfear litir chuig an bhfoilsitheoir ina mbeidh sonraí agus coinníollacha an deontais leagtha amach.

2.10 Maidir le foilsíú an tsaothair féin, faoi réir fhorálacha scéim an Fhochoiste, **ní ceart lógó Acadamh Ríoga na hÉireann a úsáid ach ní mór an admháil seo a leanas a chur ar an leathanach cóipchirt, áit a mbíonn an ISBN agus sonraí an fhoilsitheora, etc.:**

Foilsíodh an leabhar seo le cabhair deontais i gcomhair tograí Gaeilge a d’íoc an tÚdarás um Ard-Oideachas trí Choláiste na hOllscoile, Corcaigh le tacaíocht Choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach, Acadamh Ríoga na hÉireann.

2.11 Mairfidh gach deontas maoinithe a bhronnfar ar shaothar nó ar thionscadal **tréimhse dhá bhliain** ó dháta an chruinnithe ag ar faomhadh é. Ní mór d’fhoilsitheoirí an togra a chur i gcrích agus an t-airgead a éileamh laistigh den tréimhse sin.

3. An Próiseas Iarratais: Céim 2 – An Deontas a Ceadáíodh a Éileamh

3.1 Ní mór d’fhoilsitheoirí bheith cláraithe le hOifig an tSoláthair i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh nó is tríd an institiúid sin a íoctar na deontais a údaraíonn an Fochóiste agus is córas íocaíochta ar líne atá i bhfeidhm acu.

3.2 Cuirfidh an Rúnaí an fhoirm chuí ar fáil d’fhoilsitheoir ar bith nach bhfuil cláraithe cheana féin. Ní mór do gach foilsitheoir cóip chrua shínte den fhoirm a chur ar aghaidh chuig Oifig an tSoláthair i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh mar chuid den phróiseas clárúcháin freisin ach ní gá dul tríd an bpróiseas sin ach aon uair amháin.

3.3 Tar éis fhoilsíú an leabhair, beidh 10 gcóip den saothar le fágáil ag an seoladh thíos nó le cur chuige. Is ina dhiaidh sin a íocfar an deontas a ceadáíodh don saothar.

Eilís Ní Mhearraí, Uas.,
Coiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach,
Acadamh Ríoga na hÉireann,
19 Sráid Dawson,
Baile Átha Cliath 2
D02 HH58

3.4 Ní mór don fhoilsitheoir sonrasc a chur ar aghaidh chuig Rúnaí an Fhochoiste chun an tsuim a deonaíodh don saothar a éileamh. Eagróidh Rúnaí an Fhochoiste na socrúithe íocaíochta le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Íocfar an deontas isteach go díreach sa chuntas a d’ainmnigh an foilsitheoir ar an bhfoirm chlárúcháin.

3.5 Má tá ceisteanna nó fiosrúcháin eile ag foilsitheoirí, is féidir leo teagmháil a dhéanamh le Rúnaí an Fhochoiste.

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh
Rúnaí an Fhochoiste
(ciaran.macmurchaidh@dcu.ie)